



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2019*

Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar II

200 MARC

**Dé Máirt
11 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 12.35**

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2, 3 AGUS 4).

Ceist 1: LÉAMHTHUISCINT: A agus B
Tá Ceist 1 - 5 ar cómharc.
Glacfar le freagraí i d'fhocail féin nó i bhfocail an tsleachta,
de réir mar a éilíonn an cheist.
Ní mór Ceist 6(b) a fhreagairt i d'fhocail féin, áfach.

Ceist 2: PRÓS:
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

Ceist 3: FILÍOCHT:
Ainmnithe (A) nó Roghnach (B)

Ceist 4: LITRÍOCHT BHREISE

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Constance Markievicz

1. Olltoghchán tábhachtach ba ea olltoghchán 1918. Bhí vóta ag níos mó daoine in Éirinn agus sa Bhreatain in olltoghchán 1918 ná mar a bhí in aon toghchán riamh roimhe sin. Den chéad uair riamh, bhí vóta ag gach fear a bhí os cionn bliain agus fiche d'aois, ba chuma faoina mhaoin. Chomh maith leis sin, bhí vóta ag mná den chéad uair riamh má bhí siad os cionn tríocha bliain d'aois agus má bhí maoin acu féin nó ag a bhfear céile nó má bhí siad ina gcéimithe ollscoile. Baill de Shinn Féin ba mhó a toghadh ina bhfeisirí parlaiminte in Éirinn agus dhiúltaigh siad a suíocháin a ghlacadh in Westminster. Bhí an-chuid de na feisirí tofa ina bpríosúnaigh pholaitiúla ag an am agus tháinig an chuid eile díobh le chéile i dTeach an Ardmeána i mBaile Átha Cliath ar an 21 Eanáir 1919 chun Dáil Éireann, an Chéad Dáil, a bhunú. Ba é an aidhm a bhí acu rialtas dúchais a chur ar bun chun neamhspleáchas na hÉireann a chur chun cinn. Bhí Constance Markievicz ar dhuine de bheirt bhan a sheas mar iarrthóirí in olltoghchán 1918 in Éirinn agus bhuaigh sí suíochán ar son Shinn Féin i mBaile Átha Cliath. Bhain sí amach áit faoi leith i stair na polaitíochta san olltoghchán sin mar ba í an chéad bhean í a toghadh riamh ina feisire parlaiminte in Westminster agus ba í an chéad bhean í a bhí ina Teachta Dála in Éirinn. Ní raibh sí i láthair in Westminster ná sa Chéad Dáil, áfach, toisc go raibh sí i bpríosún Holloway i Sasana ag an am.

2. Rugadh Constance Gore-Booth i Londain ar an 4 Feabhra 1868. Ba í an duine ba shine de chúigear clainne í. Bhain a muintir leis an uasaicme Angla-Éireannach. Tógadh í ar eastát a tuismitheoirí, Lios an Daill, Co. Shligigh. Cuireadh oideachas uirthi sa bhaile. Bhí Constance an-tógtha leis an marcaíocht ar chapail. Chaitheadh sí roinnt mhaith ama ag sceitseáil nuair a bhí sí óg. Bhíodh sí ag léamh litríochta sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis. Ba dheibiútant í Constance sa bhliain 1887 agus cuireadh i láthair na Banríona Victoria i bPálás Buckingham í. Bhí a hathair, Henry Gore-Booth, báuil lena thionóntaí nuair a bhí gorta ag bagairt orthu sa bhliain 1879. D'ísligh sé an cíos agus

dháil sé bia ar na tionóntaí a bhí i ngátar. Chuaigh pearsantacht thrócaireach chóir a hathar i bhfeidhm go mór ar Constance agus músclaíodh a coinsias sóisialta go luath ina hóige. Theastaigh uaithi a bheith ina healaíontóir ach dhiúltaigh a tuismitheoirí íoc as cúrsa ealaíne di i dtús báire. Ghéill siad sa bhliain 1893, áfach, agus thug sí aghaidh ar Scoil Ealaíne Slade i Londain. Rinne sí staidéar ar an ealaín i bPáras freisin.

3. De réir a chéile, thosaigh Constance ag cur suime i gceisteanna polaitiúla. I bhfómhar na bliana 1896, bhí sí féin agus a deirfiúr, Eva, i láthair ag cruinniú chun coiste ar son chearta na mban a bhunú i Sligeach. Toghadh Constance mar uachtarán ar an gcoiste. Léirigh sí a dearcadh polaitiúil ina céad óráid phoiblí. Má bhíonn údar mór gearáin ag aon ghrúpa daoine, a dúirt sí, ba chóir dóibh teacht le chéile agus léirsiú chun brú a chur ar an rialtas cúrsaí a chur ina gceart. Phós Constance an Cunta Casimir Dunin Markievicz ón bPolainn agus tháinig siad chun cónaithe i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1903. Bhí an bheirt acu gníomhach i saol cultúrtha Bhaile Átha Cliath. Thaispeánadís a gcuid pictiúr i ngailearaithe sa chathair agus bhídís ag aisteoireacht in Amharclann na Mainistreach. Bhí an ghluaiseacht náisiúnach ag bailiú nirt sa tír ag an am sin. Bhí náisiúnaithe ag agóidíocht i gcoinne rial na Breataine in Éirinn agus ag lorg shaoirse na hÉireann. Bhí siad gníomhach freisin san fheachtas mór a bhí ar siúl ag an am chun vótaí a fháil do na mná.

4. Bhí Constance Markievicz gníomhach san fheachtas náisiúnach ó 1908 ar aghaidh. Ghlac sí ballraíocht in Inghinidhe na hÉireann, eagraíocht náisiúnach do mhná. Chuidigh sí le bunú *Bean na hÉireann*, an chéad irisleabhar náisiúnach do mhná. Ghlac sí ballraíocht i Sinn Féin. Chreid sí gur chóir tús áite a thabhairt don troid ar son shaoirse na hÉireann seachas don fheachtas chun an vóta a fháil do mhná. Léirigh sí suim freisin sa sóisialachas agus i gcearta na n-oibrithe. Nuair a fágadh na mílte oibrí gan phá sa Fhrithdhúnadh

sa bhliain 1913, d’eagraigh sí cistin anraith in íoslach Halla na Saoirse chun béilí a chur ar fáil do na hoibrithe agus dá dteaghlach. Liostáil sí in Arm Cathartha na hÉireann agus rinneadh oifigeach di. Nuair a tharla Éirí Amach na Cásca i 1916, throid Constance Markievicz agus an tArm Cathartha i bhFaiche Stiabhna. Nuair a ghéill siad tar éis sé lá troda, gabhadh Constance agus daoradh chun báis í. Níor cuireadh chun báis í, áfach, mar gur bhean í. Cuireadh sa phríosún í ina áit sin.

5. Scaoileadh Constance saor ón bpríosún nuair a tugadh pardún ginearálta do na príosúnaigh sa bhliain 1917. Lean sí uirthi ag agóidíocht ar son shaoirse na hÉireann. Bhí sí sa phríosún arís nuair a bhí olltoghchán 1918 ann. I mí Aibreáin 1919, ceapadh Constance ina hAire Saothair sa Chéad Dáil. Ba í Constance Markievicz an chéad bhean a ceapadh ina haire rialtais in Éirinn. Ní raibh aon bhean eile ina haire rialtais i bPoblacht na hÉireann

go dtí gur ceapadh Máire Geoghegan-Quinn mar Aire na Gaeltachta i 1979. Bhí ócáid chomórtha ar siúl in Westminster i mí Iúil seo caite in ómós do Constance Markievicz. Thagair Spéicéir na Parlaiminte don seasamh speisialta atá aici i stair na hÉireann agus na Breataine. Dúirt sé gur ábhar inspioráide í i saol an lae inniu agus do na glúine atá le teacht. Níl leibhéal ionadaíochta na mban go maith i dTithe an Oireachtais go dtí an lá atá inniu ann. Bheadh Constance Markievicz ag agóidíocht go láidir i gcoinne na heaspa ionadaíochta sin dá mbeadh sí beo inniu. Tá mná as na páirtithe éagsúla san Oireachtas ag comhoibriú le chéile i gCácas Parlaiminte na mBan a bunaíodh sa bhliain 2017. Is é an cuspóir atá ag Cácas Parlaiminte na mBan ná comhionannas inscne a bhaint amach san Oireachtas agus ar na comhairlí áitiúla.

Bunaithe ar eolas ó fhoinní éagsúla

Ceisteanna

- (a) Luaigh **dhá** rud ab éigean a bheith ag mná le vóta a bheith acu in olltoghchán 1918. (Alt 1)

(b) (i) Cén aidhm a bhí ag na feisirí tofa a tháinig le chéile sa Chéad Dáil? (Alt 1)

(ii) Scríobh síos pointe **amháin** eolais a léiríonn gur bhain Constance Markievicz áit faoi leith amach i stair na polaitíochta san olltoghchán sin. (Alt 1)

(7 marc)
- (a) Scríobh síos **dhá** chaitheamh aimsire a bhí ag Constance Gore-Booth agus í ag fás aníos i Lios an Daill, Co. Shligigh. (Alt 2)

(b) (i) Conas a léirigh Henry Gore-Booth go raibh sé báúil lena thionóntaí nuair a bhí gorta ag bagairt orthu sa bhliain 1879? (Alt 2)

(ii) Cén fáth nach raibh Constance ábalta cúrsa ealaíne a dhéanamh i dtús báire? (Alt 2)

(7 marc)
- (a) Cén dearcadh polaitiúil a léirigh Constance ina céad óráid phoiblí? (Alt 3)

(b) (i) Luaigh sampla **amháin** a léiríonn go raibh Constance agus a fear céile gníomhach i saol cultúrtha Bhaile Átha Cliath. (Alt 3)

(ii) Cén fáth a raibh náisiúnaithe ag agóidíocht in Éirinn ag an am sin? (Alt 3)

(7 marc)
- (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi pháirt Constance Markievicz san fheachtas náisiúnach roimh 1913. (Alt 4)

(b) (i) Cad a rinne Constance sa Fhrithdhúnadh sa bhliain 1913? (Alt 4)

(ii) Cén pionós a gearradh ar Constance nuair a gabhadh í tar éis Éirí Amach na Cásca 1916? (Alt 4)

(7 marc)
- (a) Scríobh síos **dhá** rud faoi cheapadh na mban mar airí rialtais in Éirinn. (Alt 5)

(b) (i) Cad a dúirt Spéicéir na Parlaiminte in Westminster ag an ócáid chomórtha in ómós do Constance Markievicz i mí Iúil seo caite? (Alt 5)

(ii) Cén cuspóir atá ag Cácas Parlaiminte na mBan? (Alt 5)

(7 marc)
- (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Chaite in Alt 2 **agus** sampla de bhriathar sa Mhodh Coinníollach in Alt 5.

(b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, luaigh **dhá** thréith a bhain le Constance Markievicz, dar leat. Aimsigh sampla **amháin** de gach ceann den **dá** thréith sin sa sliocht. (Bíodh an freagra, i **d’fhocail féin**. Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Taighde agus Taiscéalaíocht sa Spás

1. Ní fada anois go mbeifear ag comóradh ceann de na hócáidí is suntasaí i saol an chine dhaonna. Bhíothas ag dréim riamh leis an lá nuair a leagfadh duine daonna cos ar an ngealach. Sa deireadh thiar thall, ar an 20 Iúil 1969, shroich modúl gealaí an Apollo 11 an ghealach agus shiúil duine ar dhromchla na gealaí den chéad uair. An spásaire Meiriceánach, Neil Armstrong, a rinne an t-éacht ceannródaíoch sin. Meastar go raibh suas le sé chéad milliún duine ag féachaint ar na pictiúir a craoladh ar an teilifís ar fud an domhain an oíche stairiúil sin de Neil Armstrong ag siúl ar an ngealach. Ba é sin an lucht féachana ba mhó a bhí ag féachaint ar aon chraoladh beo go dtí sin. Cuimhneofar go deo ar na chéad fhocail a dúirt Neil Armstrong ar an ngealach: ‘céim bheag amháin do dhuine aonair, léim ollmhór don chine daonna’. Bhí Buzz Aldrin in éineacht le Neil Armstrong. Chaith an bheirt fhear tamall ag bailiú samplaí den ithir ar an ngealach. Ansin d’fhill siad slán sábháilte abhaile sa spásárthach.

2. Bhí Cogadh Fuar ar siúl idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Sóivéadach ó lár na ndaichidí ar aghaidh. Bhí siad in iomaíocht le chéile i ngach gné den saol. Ansin thosaigh spásrás idir na Stáit Aontaithe agus an tAontas Sóivéadach i lár na gcaogaidí, iad ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar a chéile sa taiscéalaíocht sa spás. Bhí sé mar sprioc ag an dá thír duine a chur ar an ngealach. An tAontas Sóivéadach a bhí chun tosaigh i dtús ama. Chuir siad an chéad satailít, Sputnik, timpeall an domhain sa bhliain 1957. Ba é an Rúiseach, Yuri Gagarin, an chéad duine sa spás. D’éirigh leis dul timpeall an domhain aon uair amháin i spásárthach sa bhliain 1961. Bhí imní ar na Meiriceánaigh go raibh siad ar gcúl sa spásrás agus, le fírinne, bhí éad orthu. Dá bhrí sin, d’fhógair an tUachtarán, John F. Kennedy, sa bhliain 1961 go raibh rún ag Meiriceá duine a chur ar an ngealach roimh dheireadh na seascaidí. Cuireadh tús le misean Apollo chun an sprioc sin a bhaint amach agus nuair a thuirling Armstrong agus Aldrin ar an ngealach i 1969,

fióraíodh aisling an Uachtaráin Kennedy.

3. Ba iad na Meiriceánaigh na ceannródaíthe as sin amach gan amhras. Dháréag Meiriceánach san iomlán a shiúil ar an ngealach. Cuireadh deireadh le misean Apollo chun na gealaí sa bhliain 1972. Níor stad an taighde agus an taiscéalaíocht, áfach. Tá borradh faoin taiscéalaíocht sa spás faoi láthair. Tá na heolaithe chomh fiosrach faoin spás agus a bhí riamh agus cuireann teicneolaíocht an lae inniu ar a gcumas limistéir nua spáis a thaiscéaladh. Tá eolaithe Mheiriceá i mbun staidéir ar Ultima Thule, an t-astaróideach is faide amach atá ar eolas againn faoi láthair. Tá tuirlingeoir róbatlach de chuid Mheiriceá, InSight, tar éis Mars, an pláinéad dearg, a shroicheadh. Faoi láthair, tá InSight ag bogadh timpeall ar dhromchla an phláinéid ag déanamh tástálacha ar an ithir agus ar an aer ansin agus ag seoladh faisnéise ar ais abhaile. Níl an ghealach ligthe i ndearmad ach oiread. I mbliana, ar an 3 Eanáir, thuirling Chang’e-4, spáslong de chuid na Síne, ar thaobh cúil na gealaí, an taobh sin den ghealach nach mbíonn le feiceáil ón domhan riamh.

4. Cuireadh an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta amach sa spás den chéad uair sa bhliain 1998. Is é an stáisiún seo an tsatailít is mó de dhéantús an duine a cuireadh amach sa spás riamh. Sé thír déag a d’oibrigh le chéile chun an stáisiún seo a dhéanamh. Téann spásairí ó thíortha éagsúla ar bord agus déanann siad turgnaimh éagsúla ann. Bunaíodh Gníomhaireacht Spáis na hEorpa sa bhliain 1975 chun tionscal spáis Eorpach a fhorbairt. Tá Éire páirteach sa Ghníomhaireacht sin agus, dá bharr sin, tá tionscal an spáis ag fás in Éirinn. Tá cuid mhaith eolaithe agus cuideachtaí Éireannacha ag obair sa réimse sin faoi láthair. Sa bhliain 2010, fuair an chuideachta ÉireComposites, atá lonnaithe in Indreabhán, Co. na Gaillimhe, conradh €1.9 milliún ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa chun teicneolaíochtaí nuálacha a chur ar fáil ar mhargadh tráchtála an spásaitil ar fud an domhain. Tá tionscadal ar siúl faoi choimirce

Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi láthair, ina bhfuil mic léinn ag obair ar an gcéad satailít Éireannach, EIRSAT-1, a rachaidh sa spás in 2020. Níl EIRSAT-1 mórán níos mó ná gnáthbhosca bróg ach iompróidh an tsatailít seo uirlisí taighde amach sa spás le tástálacha éagsúla a dhéanamh.

5. Tá taighde agus fionnachtana an spáis á gcur chun tairbhe dúinn ar domhan i rith an ama. Tá córais choitianta chumarsáide an lae inniu – fóin, raidió, teilifís agus an t-idirlíon – ag brath go mór ar na satailítí. Is beag long nó eitleán nó carr nach mbaineann leas as an gcóras suite domhanda (GPS) mar mhodh loingseoireachta agus ní oibreodh an córas sin gan na satailítí. Úsáideann Met Éireann íomhánna satailíte chun patrúin aimsire a aithint agus chun réamhaisnéis

na haimsire a ullmhú. I dtaighde sa spás a úsáideadh géaga róbatacha den chéad uair. Úsáidtear an-mhinic anois i gcúrsaí leighis iad. Tá taighde an spáis ag dul i bhfeidhm ar na héadaí a chaithimid. Tá éadaí ann anois atá an-éadrom ach a choinníonn an corp te, agus tá éadaí neamh-inlasta ann atá níos fearr ná riamh, a bhuíochas do thaighde a rinneadh sa spás. Cá bhfios cad atá romhainn sa spás? Tá mórán daoine ag súil le saoire a chaitheamh ar phláinéad i bhfad i gcéin ach faightear locht ar an taiscéalaíocht sa spás uaireanta. Tá costas ollmhór ag baint leis an taighde sa spás agus is minic a deirtear gur chóir an t-airgead sin a chaitheamh ar iarrachtaí chun na fadhbanna móra ar an domhan seo a réiteach gan a bheith ag féachaint amach sa spás.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

Ceisteanna

1. (a) Rinneadh éacht ceannródaíoch ar an 20 Iúil 1969. Tabhair **dhá** phointe eolais faoin éacht sin. (Alt 1)
 - (b) (i) Scríobh síos rud **amháin** faoi lucht féachana na teilifíse an oíche stairiúil sin. (Alt 1)
 - (ii) Cad iad na chéad fhocail a dúirt Neil Armstrong ar an ngealach? (Alt 1)

(7 marc)
2. (a) Cén fáth ar thosaigh spásrás i lár na gcaogaidí? (Alt 2)
 - (b) (i) Cad a d'éirigh leis an Rúiseach, Yuri Gagarin, a dhéanamh sa bhliain 1961? (Alt 2)
 - (ii) Cad a d'fhógair an tUachtarán, John F. Kennedy, sa bhliain 1961? (Alt 2)

(7 marc)
3. (a) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil borradh faoin taiscéalaíocht sa spás faoi láthair. (Alt 3)
 - (b) (i) Cad atá ar siúl ag an tuirlingeoir róbatach, InSight, faoi láthair? (Alt 3)
 - (ii) Cad a rinne Chang'e-4 ar an 3 Eanáir i mbliana? (Alt 3)

(7 marc)
4. (a) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta a cuireadh amach sa spás den chéad uair sa bhliain 1998. (Alt 4)
 - (b) (i) Cén bhaint atá ag ÉireComposites le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa? (Alt 4)
 - (ii) Cén tionscadal atá ar siúl faoi choimirce Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi láthair? (Alt 4)

(7 marc)
5. (a) Luaigh **dhá** shlí a mbaintear tairbhe as na satailítí. (Alt 5)
 - (b) (i) Cén chaoi a bhfuil taighde an spáis ag dul i bhfeidhm ar chúrsaí éadaí? (Alt 5)
 - (ii) Cén locht a faightear ar an taiscéalaíocht sa spás uaireanta? (Alt 5)

(7 marc)
6. (a) Aimsigh sampla den bhriathar saor san Aimsir Fháistineach in Alt 1 **agus** sampla d'ainmfhocal baininsneach sa tuiseal ginideach uatha in Alt 3.
 - (b) Bunaithe ar an eolas sa sliocht thuas, déan plé, i **d'fhocail féin**, ar **dhá** chúis ar scríobh an t-údar an sliocht seo. (Is leor **60** focal.)

(15 mharc)

Ceist 2 PRÓS (30 marc)

– PRÓS AINMNITHE nó PRÓS ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 2A (Prós Ainmnithe) **nó** Ceist 2B (Prós Roghnach) thíos.

2A. Prós Ainmnithe

Freagair an cheist thíos ar an ngearrscéal *Dís*.

Dís

“Tá léiriú sa ghearrscéal *Dís* ar shaol agus ar mheon bhean Sheáin.”

Déan plé ar an ráiteas sin.

(30 marc)

2B. Prós Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bPrós Roghnach.

Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhcharachtar (an phríomhphearsa) sa ghearrscéal sin. Déan plé ar an léargas a thugtar dúinn ar shaol agus ar mheon an duine sin ó thús deireadh an ghearrscéil.

Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(30 marc)

Ceist 3 FILÍOCHT (30 marc)

– FILÍOCHT AINMNITHE nó FILÍOCHT ROGHNACH – (30 marc)

Freagair Ceist 3A (Filíocht Ainmnithe) **nó** Ceist 3B (Filíocht Roghnach) thíos.

3A. Filíocht Ainmnithe

- (i) “Cuimhní an fhile ar nósanna a bhain le saol an oileáin ina óige atá sa dán *An tEarrach Thiar* (thíos).”
É sin a phlé. (15 mharc)
- (ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

An tEarrach Thiar

1. Fear ag glanadh cré
De ghímseán spáide
Sa gciúineas shéimh
I mbrothall lae:
Binn an fhuaim
San Earrach thiar.

2. Fear ag caitheadh
Cliabh dhá dhroim,
Is an fheamainn dhearg
Ag lonrú
I dtaitneamh gréine
Ar dhuirling bháin:
Niamhrach an radharc
San Earrach thiar.

3. Mná i locháin
In íochtar diaidh-thrá,
A gcótaí craptha,
Scáilí thíos fúthu:
Támh-radharc síothach
San Earrach thiar.

4. Toll-bhuillí fanna
Ag maidí rámha,
Currach lán éisc
Ag teacht chun cladaigh
Ar ór-mhuir mhall
I ndeireadh lae;
San Earrach thiar.

3B. Filíocht Roghnach

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid i bhfreagra ar an bhFilíocht Roghnach.

- (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin. Déan plé ar an léiriú a thugtar ar an bpríomhthéama sin ó thús deireadh an dáin. (15 mharc)
- (ii) Cén mothúchán is mó a mhúsclaíonn an dán seo ionat féin?
(Is leor pointe **amháin** eolais as an dán mar thacaíocht le do fhreagra.) (6 mharc)
- (iii) Cé a chum an dán seo? Scríobh nóta gairid ar shaol **agus** ar shaothar an fhile sin. (9 marc)

Ceist 4 LITRÍOCHT BHREISE (40 marc)

– LITRÍOCHT BHREISE – (40 marc)

Freagair do rogha ceann **amháin** as Ceist 4 (A, B, C, D, E nó F) thíos.

4A. An Triail

“Creideann go leor de na carachtair (na pearsana) sa dráma *An Triail* nach bhfuil aon mhilleán orthu féin faoi thragóid an chailín óig, Máire Ní Chathasaigh.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4B. A Thig Ná Tit Orm

“Sa dírbheathaisnéis *A Thig Ná Tit Orm*, tugann Maidhc Dainín cuntas spéisiúil dúinn ar eachtraí a óige agus ar shaol a mhuintire nuair a bhí sé ag fás aníos sa Ghaeltacht.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4C. Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne

“An choimhlint idir na príomhcharachtair (na príomhphearsana), Fionn, Diarmaid agus Gráinne, agus a mianta éagsúla is cúis leis an teannas sa *Tóraíocht*.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4D. Gafa

“Is iad na bréaga agus an mhímhacántacht sa chaidreamh idir na carachtair (na pearsana) éagsúla is cúis le cuid mhór de na deacrachtaí sa teaghlach sa sliocht as an úrscéal *Gafa*.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4E. Canary Wharf

“Sa scéal *Mil*, tugtar léiriú éifeachtach dúinn ar iompar na beirte, Meagan agus Deibí, agus ar an gcasadh gan choinne ag deireadh an scéil.”

Déan plé ar an ráiteas sin. (40 marc)

4F. Dánta Breise – Colmáin

Freagair (i), (ii) agus (iii) thíos.

(i) Tugann an file léiriú dúinn ar iompar an chait agus ar chríoch thragóideach an chait sa dán *Colmáin* (thall).

Déan plé ar an ráiteas sin. (20 marc)

(ii) A bhfuil i gceist leis na línte seo a mhíniú:

Ní fhaca sé a mhacasamhail féin ariamh,

cat dá dhéanamh, dá dhath, dá dhreach.

Ní fhaca sé ach daoine agus colmáin ar an aoirdeacht. (10 marc)

(iii) Cén tábhacht, dar leat, a bhaineann leis na colmáin sa dán? Is leor **dhá** phointe eolais.

Bíodh tagairtí cruinne agat do théacs an dáin i do fhreagra. (10 marc)

Colmáin

i gcead do Sigurdur Pálsson

An cat úd ar an seachtú hurlár de theach
ard cathrach, shíl sé ansiúd ina áras spéire
gur colmáin a bhí ann ó dhúchas.

Ó saolaíodh é ba é an seachtú hurlár –
crochta ansiúd idir an saol is an tsíoraíocht –
a bhaile agus a bhuanchónaí.

Ní fhaca sé a mhacasamhail féin ariamh,
cat dá dhéanamh, dá dhath, dá dhreach.
Ní fhaca sé ach daoine agus colmáin ar an aoirdeacht.

Shíl sé ar dtús gur duine a bhí ann,
gur ionann dó ina dhóigh agus ina chosúlacht
leo siúd ar dhá chois a bhí ina thimpeall.
Chuirfeadh sé naipcín fána bhráid
agus shuíodh sé ag an mbord go béasach
le greim bídh a ithe le lánúin óg an tí.
Ní raibh de thoradh air sin ach scread eitigh.
Thógfaí ar shiúl é láithreach
agus dhéanfaí prácás bídh as canna stáin
a shá go míbhéasach faoina shoc.

Is minic a shuíodh sé ina aonar
ar leac na fuinneoige, ag féachaint
ar na colmáin nach dtiocfadh ina láthair.
Amanta theastaigh uaidh téaltú chucu
go ciúin, súgradh leo go binn;
a chrúb a chur iontu ar son grinn.
Ar na laethe úd a mhothaíodh sé dáimh as an ghnáth
leis na colmáin, bhíodh iontas an domhain air
nach ndéanfadh siad cuideachta leis i dtráth ná in antráth.

Sa deireadh, lá buí Bealtaine le luí gréine,
chinn sé léim an cholmáin a thabhairt ó leac na fuinneoige
leis na heiteoga a bhí in easbaidh air ... faraoir.

An lá a cuireadh i dtalamh é i bpaiste créafóige
sa chúlchlós, a chorp beag ina phraiseach,
bhí colmáin ag cuachaireacht ó gach leac fuinneoige.

Leathanach Bán